

Corpoideachas trí Ghaeilge

trí, ceathair,
bróga
leathair



Ar mhaithe le dul chun cinn níos fearr a dhéanamh leis na leanaí san obair seo is féidir na rudaí seo a leanas a dhéanamh:

- Déan liosta den teanga atá in úsáid ag na páistí ag an bpointe seo agus déan iarracht tógaint ar an teanga seo m.sh. Más dual dóibh *Maith an fear! Maith an buachaill! Maith an cailín!* a úsáid, meall anois iad agus mol dóibh *Ar fheabhas ar fad! Go hiontach! Ard-fhear!* a úsáid as seo amach, chomh maith.
- Spreag na páistí chun abairt a úsáid in ionad focal aonair, m.sh., in ionad “*anseo*” is féidir “*Táim anseo.*” a úsáid nó in ionad “*beirt*” a úsáid bain triail as “*Tá beirt sa ghrúpa seo.*”
- Bain úsáid as an teanga seo tú féin mar mhúinteoir i rith an lae agus tabhair ard-mholadh dóibh siúd atá ag déanamh iarrachta – *Mol an óige agus tiocfaidh sí!* Féach ar na moltaí atá sa leabhar *Spreag an Ghaeilge le Spraoi* (Cuid 4 – Spreagadh na Cainte lth 125 – 143) atá sa rannóg Acmhainní Breise agus b’fhiú ‘Gaeilgeoir na Seachtaine’ nó Greamaitheoirí nó Teastas a bheith mar ábhar spreagaidh sa rang, más féidir.
- Cinntigh go bhfuil scileanna á fhoghlaim sa chorpoideachas chomh maith.

Déan cúram cuí den sábháilteacht i gcónaí trína chinntiú go mbaineann an páiste feidhm as cleachtais shábháilte.

Lá 7: Téamh Suas: Téamh Suas amháin atá ar eolas acu (1 nó 2 nó 3 nó 4).

Forbairt: Cluiche 1: Ardaigh an Liathróid agus Déan Ruathar Aonair isteach sa bhfáinne

nó Cluiche 2: An Liathróid sa bhFáinne

agus Cluiche 3: Cúl, Ciorcal, Baile***

Téamh Síos: Téamh Síos amháin atá ar eolas acu (1 nó 2)

Corpoideachas trí Ghaeilge

trí, ceathair,
bróga
leathair



	Teanga atá Riachtanach chun an Téamh Suas a dhéanamh:	Teanga Chomhlántach chun cumarsáid as Gaeilge a chinntiú le linn an chluiche
<p>Ceann amháin as an liosta seo atá déanta againn:</p> <p>Téamh Suas 1: Grúpaí</p> <p>Téamh Suas 2: Déan Aithris Orm</p> <p>Téamh Suas 3: Caith Chugham É</p> <p>Téamh Suas 4: Rís agus Rósta</p>	<p><i>Táimid réidh / ullamh.</i> <i>Nílimid réidh / ullamh.</i> <i>Níl ach _____ sa ghrúpa seo/sin.</i> <i>(beirt, triúr,.....)</i> <i>Cé mhéad duine sa ghrúpa sin / An mó duine sa ghrúpa sin?</i> <i>Tar anseo. Tar linn. Tá spás anseo duit.</i> <i>Bí / bígí ag _____.</i> <i>Cad atá á dhéanamh agat / aige / aici / acu / agaibh?</i></p> <p><i>Is mise __. Is tusa __.</i></p> <p><i>Rug mé ort / air / uirthi.</i> <i>Níor rug mé ort / air / uirthi.</i></p> <p><i>Níl aon pháirtneir agam.</i> <i>Ní féidir liom an cluiche seo a imirt mar</i></p> <p><i>Ceisteanna:</i> <i>Cad is ainm duit?</i> <i>Cén aois thú?</i> <i>An bhfuil _____ agat?</i> <i>An maith leat _____?</i></p>	<p><i>Níl __ ag éisteacht.</i> <i>Tá __ ag pleidhcíocht.</i> <i>Tá __ ag caimiléireacht.</i> <i>Tá __ ag brú / ag caoineadh.</i></p> <p><i>Tá do bhróg ar oscailt / Tá iall do bhróig ar oscailt.</i> <i>Bí cúramach.</i></p> <p><i>Ghortaigh __ mé. Tá mo chos / lámh tinn. Tá _____ ag cur fola.</i> <i>Bhuail an liathróid mé sa cheann.</i> <i>Tá pian i mo _____.</i> <i>Tá tinneas cinn orm.</i> <i>Timpiste a bhí ann. Tá brón orm.</i> <i>Thit sé/sí.</i> <i>Bhuail siad in aghaidh a chéile.</i> <i>Rinne tú é d'aon ghnó.</i></p> <p><i>Cá bhfuil __?</i></p> <p><i>Ní thuigim.</i> <i>Ní thuigim an cluiche seo.</i> <i>Ní thuigim na treoracha.</i></p>

Corpoideachas trí Ghaeilge

trí, ceathair,
bróga
leathair



	<p>An maith leat a bheith ag _____?</p> <p><i>Ceisteanna níos deacra:</i> <i>Cá bhfuil __?</i> <i>Cén clár teilifíse is fearr leat?</i> <i>Cén laoch spóirt is fearr leat?</i> <i>Cén cluiche is fearr leat?</i> <i>Cén leabhar atá á léamh agat?</i></p> <p><i>Bígí ag éisteacht don fheadóg.</i> <i>Seas sa líne. Déanaigí líne dhíreach.</i> <i>Ansin, bígí ag rith chomh tapa agus is féidir libh.</i></p>	<p>Cad is brí le “_____”?</p> <p><i>An bhfuil cead agam dul go dtí an leithreas / sos a thógáil / mo gheansaí a bhaint díom / deoch uisce a fháil / suí síos ar feadh cúpla nóiméad?</i></p> <p><i>Tá tú ró-chóngarach dom. Druid siar Bog Bog amach uaim. Ní raibh aon seans agam.</i> <i>Tá tú an-tapa / ró-mhall.</i></p>
<p>Forbairt</p> <p>Cluiche 1: Ardaigh an Liathróid agus Déan Ruathar Aonair isteach sa bhfáinne</p> <p><u>nó</u></p> <p>Cluiche 2: An Liathróid sa bhFáinne</p> <p><u>agus</u></p> <p>Cluiche 3: Cúl, Ciorcal, Baile</p> <p>Cúl, Ciorcal, Baile Triúr ar gach foireann – X, X, Y. Beirt sa chúl ag cosaint agus duine</p>	<p>Teanga Riachtanach</p> <p><i>An féidir leat scór a fháil ar dtús?</i> <i>Caithfidh tú scór a fháil ar dtús.</i> <i>Ansin, an féidir leat rith timpeall an fháinne agus an baile a bhaint amach sula mbuailtear an baile leis an liathróid?</i></p> <p>Liathróid mhór / liathróid bheag / liathróid bhog</p> <p><i>Fuair tú/Y cúl. Ní bhfuair tú/Y cúl.</i> <i>Chaill sé a sheans / chaill sí a seans.</i></p>	<p><i>Tá an spás seo ró-mhór / ró-bheag.</i> <i>Tá an cluiche seo ró-dheacair / ró-éasca.</i> <i>Tá an cúl ró-mhór / ró-bheag / ró-leathan / ró-chúng.</i> <i>Tá X ró-mhall / ró-thapa.</i></p> <p><i>Tá mo chos tinn, ní féidir liom rith.</i> <i>Cé atá ag buachaint?</i> <i>Cén ghrúpa / fhoireann atá ag buachaint?</i></p> <p><i>Tá grúpa / foireann X an-tapa / an-mhall.</i></p>

Corpoideachas trí Ghaeilge

trí, ceathair,
bróga
leathair



ag ciceáil na liathróide.

Trealamh – liathróid mhór, fáinne, trí chón ag gach triúr.

<p>• ○ X . X Y •</p>			

Beidh triúr ar gach foireann. Beidh foirne de thriúr againn. Beidh beirt sa chúl (X,X). Y, déan iarracht cúl a aimsiú, ansin rith timpeall an fháinne agus bí ar ais sa bhaile roimh an liathróid. Cuir an fáinne idir XX agus Y ach ná bíodh sé sa tslí ar an gciceálaí. X, is cúl baire an bheirt agaibh. Déan gach iarracht an cúl a stopadh. Má tá cúl ag Y, beir ar an liathróid (duine amháin) agus rith ar ais abhaile. Buail an cón leis an liathróid.

Fágaigí spás idir na foirne. Fág dóthain spáis idir na foirne.

Beidh duine amháin ag ciceáil. Is tusa an ciceálaí. Beidh ortsa (an ciceálaí) cúl a aimsiú ar dtús, ansin beidh ort rith timpeall an fháinne agus ansin beidh ort a bheith ar ais sa bhaile roimh an liathróid. Caithfidh tú cúl a aimsiú ar dtús. Ansin beidh ort rith

*Tá seans amháin, ____ sheans eile agam.
Mise an chéad duine eile. Bhí cúig sheans agat. Mo sheans anois.
Ní bhfuair mise aon tseans go fóill.*

Corpoideachas trí Ghaeilge

trí, ceathair,
bróga
leathair



timpeall an fháinne.

Gan chúl, tá do sheans caillte.

Beidh beirt sa chúl / ag glacadh / ag cosaint. Is sibhse na glacadóirí / na cosantóirí.

Beidh cicealaí amháin againn agus beirt ghlacadóir / chosantóir / chúl báire.

Tá an ciceálaí ag ionsaí. Ionsaitheoir isea é/i.

Beidh ar dhuine amháin breith ar an liathróid agus é a thógaint ar ais abhaile (go dtí an cón) sula mbeidh _____ ar ais sa bhaile.

Beireann na glacadóirí ar an liathróid agus tógann duine amháin ar ais abhaile an liathróid. **Beidh ort an cón a bhualadh leis an liathróid.** Níl cead agaibh cic a thabhairt don liathróid.

Stopann an ciceálaí ag rith nuair atá an liathróid ar ais abhaile.

Féach anois, seo ceann scríbe / an baile / an cón seo.

Beidh cúig sheans ag gach duine ar an bhfoireann. Athruigh thart anois. _____, beidh tusa sa chúl anois le _____ agus beidh _____ ag ciceáil.

Déan iarracht na glacadóirí a sheachaint.

Ná tabhair an liathróid don bheirt atá sa chúl / don bheirt atá ag glacadh.

Corpoideachas trí Ghaeilge

trí, ceathair,
bróga
leathair



Ceann amháin

Téamh Síos 1: An Tiománaí

nó

Téamh Síos 2: Litreacha agus Uimhreacha

***Nua an tseachtain seo

Corpoideachas trí Ghaeilge

trí, ceathair,
bróga
leathair

